



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

Ráiteas Straitéise 2017-2021 na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Clár Ábhar

1. Réamhrá	3
2. Ar Misean, Fís agus Luachanna	4
3. Brollach le Cathaoirleach na Comhairle	6
4. Brollach ón POF	8
5. Comhthéacs Straitéiseach: Ár dTimpeallacht Oibriúcháin	10
6. Príomhdhúshláin agus ár bhFreagairt	17
7. Rath a Thomhas	24
Aguisín A: Cur Chuige Comhairliúcháin	25

1. Réamhrá

Is é CORU rialálaí sláinte ilghairme agus cúraim shóisialta na hÉireann. Ón bhfocal Gaeilge ‘cóir’, a chiallaíonn “cothrom”, “ceart” agus “cuí” a eascraíonn an t-ainm “CORU”. Príomhluachanna iad seo laistigh dár n-eagraíocht, agus léiríonn siad go smíor an ról atá againn chun an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d’iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chur chun cinn trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Ceapadh an Chomhairle faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) in 2007. Ceapadh an Príomhfheidhmeannach dhá mhí dhéag dá éis sin.

Is éard atá in CORU ná an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na Boird Chlárúcháin, agus tá bord amháin ann do gach gairm a ainmnítear inár nAcht.

Trí chomhoibriú idir CORU, an tAire Sláinte, an Roinn Sláinte agus an tAonad Rialála Gairmiúla agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, ach go háirithe – bunaíodh na Boird Chlárúcháin agus osclaíodh cláir do na gairmeacha a leanas go dtí seo:

- Diaitéitigh
- Teiripeoirí Saothair
- Optaiméadraithe
- Radharceolaithe Dáiliúcháin
- Fisiteiripeoirí
- Radagrafaithe
- Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Sóisialta
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Chomh maith leis sin, ceapadh Bord Clárúcháin d’Oibrithe Cúraim Shóisialta agus d’Eolaithe Míochaine a osclófar nuair a thabharfar an t-ullmhúchán mionsonraithe a theastaíonn chun críche.

Is iad na gairmeacha eile atá le rialáil agus nach bhfuil Bord Clárúcháin ná Clár i bhfeidhm go fóill dóibh:

- Síceolaithe
- Coslianna
- Bithphoítigéirí Cliniciúla
- Ortoptaigh

Tabharfar rialáil na ngairmeacha seo chun críche i rith théarma an Ráitis Straitéise seo.

Cuireann an cháipéis seo le hiar-ráitis straitéise CORU; Ráiteas Straitéise 2010-2012 CORU agus Ráiteas Straitéise 2013-2016 CORU.

Leanfar le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcáipéis seo agus féadtar í a leasú má tá athruithe suntasacha le déanamh ar an timpeallacht sheachtrach agus/nó inmheánach. Tabharfar faoi athbhreithniú meántearma le hoiriúnacht leanúnach an ráitis straitéise a chinntiú.

2. Ar Misean, Fís agus Luachanna

Rinne ár misean, fís agus luachanna freastal maith orainn ar ár n-aistear go nuige seo agus leanfaidh siad ag buntacú lenár Ráiteas Straitéise agus le gníomhaíochtaí laethúla ár ngnó.

MISEAN

Chun an pobal a chosaint trí ardchaighdeán d'iompar gairmiúil agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chur chun cinn i measc cláraithe na ngairmeacha ainmnithe.

FÍS

Tá idir mhuinín agus aitheantas bainte amach ag CORU ón bPobal agus ó na Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta araon ina phróisis agus caighdeán rialála.

LUACHANNA

Lorgaíonn CORU le sraith luachanna a léiriú a bhuntacaíonn agus a thacaíonn leis an mbealach a oibríonn agus a idirghníomhaíonn sé lena pháirtithe leasmhara go léir. Baineann ríthábhacht leis na luachanna a leanas maidir le baint amach ár misin agus ár bhfíse:

Cuntasacht i dtaobh ár bpróiseas, cinntí agus ár n-iompair ghairmiúil;


Meas agus Cothroime a léiriú inár n-idirghníomhaíochtaí leis an bpobal, le gairmithe agus le páirtithe leasmhara eile;

Oscailteacht agus Trédhearcacht inár gcumarsáid agus ár ndéileálacha leis an bpobal agus leis na gairmithe;

Leibhéal Ardfeidhmíochta a léiriú mar eagraíocht i dtaobh éifeachtacht fhoriomlán, luach ar airgead, éifeachtúlacht oibríochtaí agus rialachais;

Bród agus Tiomantas agus torthaí á soláthar a bhaineann le sábháilteacht agus le caighdeán don phobal agus do ghairmithe atá i gceist soláthar;

Saibhriú ár n-earnála trí cheannaireacht, dearfach agus díriú ardchaighdeán agus fianaisebhunaithe ar ár n-obair agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a léiriú.



3. Brollach le Cathaoirleach na Comhairle

Ónár dtreoirphlean... chun rialáil rathúil a dhéanamh...



I gcoílár ról CORU is ea an pobal a chosaint. Mar Chathaoirleach nuacheaptha na Comhairle, tá ríméid orm ár ráiteas straitéise a chur i láthair, a bhfuil de chuspóir aige leanúint leis an bpobal a chosaint sa tréimhse cúig bliana amach romhainn. Seo an tríú ráiteas straitéise le CORU.

Leanúint leis an bpobal a chosaint sna chéad 5 bliana eile amach romhainn

Chumhdaigh an chéad ráiteas an tréimhse 2010-2012 agus bhí sé dírithe ar ár n-uailmhianta a scóipeáil agus a shainiú, agus CORU á bhunú i gcomhthráth. Mar aonán úrnua, tháinig go leor rudaí nua chun solais i rith an tráth seo do CORU. Ceapadh ár gcéad bhord clárúcháin in 2010, osclaíodh ár gcéad chlár in 2011, faomhadh cláir oideachais, agus tugadh aitheantas do cháilíochtaí a baineadh amach lasmuigh de Phoblacht na hÉireann den chéad uair.

Cuireadh struchtúir rialachais chorparáidigh agus bhainistíochta i bhfeidhm, sainíodh príomhphróisis ghnó, agus sainithníodh riachtanais acmhainní. Chuireamar tús le rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara nuair a bhí ár samhail rialála á forbairt againn agus sheolamar láithreán gréasáin CORU, chomh maith.

Chuir an dara ráiteas straitéise, 2013-2016, leis an mbunchloch a bhí leagtha againn. Leanamar le rialáil na ngairmeacha a thabhairt isteach a bhí faoinár sainchúram agus chuir seo le creataí na Comhairle agus d'fhorbair sé samhail uathúil rialála in earnáil sláinte agus chúraim shóisialta na hÉireann. Sainíodh ár gcur chuige d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus tá cláraithe anois ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí foghlama agus tá punanna á gcoimeád acu chun an caighdeán agus na riachtanais a leagann na Boird Chlárúcháin amach a chomhlíonadh. Seoladh 'Oiriúnacht chun Cleachtadh' an 31 Nollaig 2014 agus d'éisteamar lenár gcéad chásanna. Go dtí seo, bunaíodh Boird Chlárúcháin do naoi ngairm.

Tá ollmhéid buíochais le cur in iúl againn don phobal agus do chomhaltaí deonacha na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus na gCoistí, an Fheidhmeannacht agus an fhoireann dá dtiomantas do CORU.

5 phríomhchuspóir straitéiseacha in 5 bliana

Ina theannta sin, is mian linn buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte agus lena Roinn, as ucht na tacaíochta a thug siad dúinn agus is mór againn a dtiomantas agus a n-idirchaidreamh leanúnach i gcomhoibriú le CORU ar a aistear rialála.

Tá de chuspóir an ráitis chúig bliana seo chun cur le héachtaí ár n-iar-ráiteas straitéise. Tá cúig phríomhchuspóir straitéiseacha leagtha amach againn do na chéad chúig bliana eile amach romhainn. Má bhaineann téama leis an ráiteas straitéise seo, is é sin ‘an méid a thosaíomar a chur i gcrích’, tabhairt faoinár gceanglais reachtúla reatha agus leanúint le samhail inbhuanaithe rialála a chruthú chun tabhairt faoinár sainchúram. Leanfaidh eachtraí úrnua ag teacht chun solais i rith na tréimhse 2017-2021.

Ach scála nua gníomhaíochtaí a bheidh mar phríomh-shaintréithe na tréimhse sin, agus cuirfear ár mboird eile chlárúcháin i bhfeidhm agus osclófar cláir do na gairmeacha eile.

Caithimid a chinntiú go gcuirimid an obair thábhachtach a thosaíomar i gcrích agus go mbíonn an pobal a chosaint i gcroílár gach a ndéanaimid i gcónaí.

Táimse tiomanta go bhfeidhmíonn an ráiteas straitéise seo mar threoir don Chomhairle agus cinnteoidh mé go mbíonn sé ar thús cadhnaíochta agus i lár báire ag gach ceann dár gcruinnithe d’fhonn gur féidir leis a mheabhrú dúinn an fáth go bhfuilimid anseo, an fáth go bhfuilimid ag tabhairt faoin aistear agus an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach. Cruthóidh sé an treoirphlean dár bpleananna corparáideacha lena chinntiú go gcuirimid na bearta i bhfeidhm chun rialáil rathúil a dhéanamh ar na gairmeacha atá faoinár sainchúram le cur chuige “ceart cuí” i dtaobh na rialála.

Sa mhullach air sin, cuirim mo bhuíochas in iúl do mo chomhghleacaithe ar an gComhairle, na Boird Chlárúcháin agus foireann CORU, as ucht a rannchuidithe le forbairt an ráitis straitéise seo.

Is rí-dheas liom rannchuidiú cláraithe, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla, grúpaí abhcóideachta othar, soláthraithe oideachais agus aontas a aithint fad a bhí an straitéis seo á cur i dtoll a chéile. Ba mhaith liom, chomh maith leis sin, buíochas a ghabháil leo siúd go léir as ucht a dtacaíochta leanúnaí chun ár gclár rialála a chur chun cinn.

An tOllamh Bernard McCartan
Cathaoirleach, An Chomhairle um Ghairmithe
Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

4. Brollach ón POF

cosaint an phobail a bharrfheabhsú



Mar an Rialálaí Sláinte agus Cúraim Shóisialta in Éirinn, caithfidh CORU bheith dírithe i gcónaí ar mhuintir an phobail, na ngairmeacha a rialáimid, na bhfostóirí, na soláthraithe oideachais agus páirtithe leasmhara eile sa chóras sláinte agus cúraim shóisialta a chruthú agus a choimeád, tríd an mbealach ina n-oibrímid.

Is é ár bpríomhchuspóir i gcónaí sláinte, sábháilteacht agus folláine úsáideoirí seirbhíse agus an phobail a chosaint. Tugaimid faoi seo a bhaint amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- ▶ Córais chothroma agus inrochtana chlárúcháin agus aitheanta cáilíochtaí do ghairmithe atá faoi shainchúram CORU a choimeád
- ▶ Foghlaim ar feadh na gairme a chur chun cinn agus a mhonatóiriú i measc gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta
- ▶ Córais dhaingne chomhlíonta, faofa cláir oideachais agus oiriúnachta chun cleachtadh a oibriú, d'fhonn cabhrú le cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí agus don phobal a uasmhéadú
- ▶ Oibriú go dlúth le daoine eile i gcórais sláinte agus chúraim shóisialta na hÉireann chun ár gcuspóirí a bhaint amach
- ▶ Cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealach oscailte, ionraic agus soiléir.

Is é an Ráiteas Straitéise seo ár gcreat do na chéad chúig bliana eile amach romhainn fad a leanaimid le CORU a fhorbairt agus a threisiú mar rialálaí. Oibreoimid laistigh de chultúr feabhsúcháin leanúnaigh do chomhaltaí foirne, comhaltaí na Comhairle agus comhaltaí Bord Clárúcháin. Déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar ár bpróisis ghnó, ár gcórais agus ár struchtúir rialachais d'fhonn go n-oibrímid go héifeachtúil agus go héifeachtach. Leanfaidh ár bhfoireann

sláinte, sábháilteacht agus folláine úsáideoirí seirbhíse agus an phobail a chosaint

feidhmiúcháin le tacaíocht a sholáthar don Chomhairle, do Choistí agus do Bhoird Chlárúcháin laistigh de chóras éifeachtach rialachais chorparáidigh, lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár gcuspóirí corparáideacha agus rialála.

Is é ár misean chun an pobal a chosaint trí ardchaighdeán d'oideachas, iompar, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil a chur chun cinn i measc chláraithe CORU. Bainfimid é seo amach trí shamhail inbhuanaithe rialála, a leagann na caighdeán chearta síos dár ngairmithe agus a dhéileálann go cothrom leis na líonta beaga nach gcomhlíonann na caighdeán.

Chomh maith leis sin, teastaíonn uainn samhail rialála ar féidir léi freagairt don aistriú i dtreo rialáil rioscabhunaithe le haghaidh grúpaí fairsinge gairmithe.

Bainfidh páirt lárnach le cobhsaíocht na gclár, na bpróiseas agus na gcóras reatha a choimeád de réir mar a dhéanaimid ár ngníomhaíochtaí a uasmhéadú aníos ó naoi ngairm go dtí cúig ghairm déag i rith na tréimhse a chumhdaíonn an ráiteas straitéise seo. Tá cláir ar oscailt le haghaidh naoi ngairm, tá ullmhúchán ar bun le haghaidh dhá ghairm agus bunófar cláir do na ceithre ghairm eile faoin mbliain 2021.


Léiríonn mé féin agus an Cathaoirleach ár mbuíochas do gach comhalta na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus na gCoistí; ar comhaltaí deonacha iad den chuid is mó. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na measúnóirí agus leis na hathbhreithneoirí cláir oideachais agus cáilíochtaí, anuas ar ár gCoistí Réamhimeachtaí, Achomhairc agus Oiriúnachta chun Cleachtadh agus lenár bhfoireann Feidhmiúcháin. Ba mhaith liom buíochas ar leith a chur in iúl d'obair an Aonaid Rialála Gairmiúla sa Roinn Sláinte a d'oibrigh i gcomhpháirt le CORU chun ár n-obair a chur chun cinn.

Táimid ag dréim leis an straitéis a d'fhorbair an Chomhairle a chur i bhfeidhm de réir mar a thugaimid faoi na dúshláin agus na deiseanna atá amach romhainn.

Ginny Hanrahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus
Cláraitheoir CORU

5. Comhthéacs Straitéiseach: Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

Nuair a bhí an ráiteas straitéise seo á fhorbairt, rinne CORU breithniú ar an timpeallacht, ina n-oibríonn sé, tosca is dóchúil a oibreoidh tionchar ar a chlár oibre, agus ar an méid a foghlaimíodh ar ár n-aistear go dtí seo mar an rialálaí gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta in Éirinn.



Todhchaí na Rialála

Beidh rialáil ann go deo – tugann an pobal agus gairmithe araon faoi deara na tairbhí a chruthaíonn sí do shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse, caighdeán agus d’fheabhas a chur ar stádas gairmiúil gairmithe. Is gá dúinn a fhiafraí dinn féin go leanúnach cad is féidir agus nach féidir le rialáil a dhéanamh chun an riosca i leith díobháil a dhéanamh don úsáideoir seirbhíse a rialú. Ba cheart go gcuirfeadh fianaise agus taighde in iúl cathain atá nó nach bhfuil rialáil éifeachtach agus ba cheart go mbeadh ár ngníomhaíochtaí dírithe orthu. Ar a bharr sin, caithfidh a bheith airdeallach go bhfuil costas i gceist le gairmeacha rialaithe.

Tá costas i gceist, chomh maith, mura rialáítear na gairmeacha seo, maidir le heaspa caighdeán reachtúil don ghairm, easpa cuntasachta nuair nach bhfuil na caighdeáin a theastaíonn á mbaint amach ag duine, agus soláthraíonn rialáil soiléireacht níos fearr don phobal, ina theannta sin. Laghdaíonn rialáil an mearbhall faoi theidil ár ngairmeacha, mar shampla, diaitéiteach,

oibrí sóisialta, teiripeoir urlabhra agus teanga, radagrafaí, teiripeoir radaíochta, optaiméadraí agus radharceolaí dáiliúcháin – teidil iad seo anois atá faoi chosaint. Féadfaimid a dhearbú don phobal gur bhain aon duine a úsáideann an teideal faoi chosaint na caighdeáin a theastaíonn amach agus déileálfadh CORU le haon duine a úsáideann an teideal faoi chosaint nach bhfuil cláraithe. Murach rialáil, d’fhéadfadh nach bhfuil cláraitheoirí ag tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil, ach caithfidh siad anois cuntas a choimeád ar a FGL aonair. Ar deireadh thiar, den chéad uair, i measc líon an-bheag na ndaoine nach gcomhlíonann na caighdeáin a theastaíonn, tá meicníocht curtha i bhfeidhm againn chun stop a chur leo a bheith ag oibriú leis an bpobal, más gá, trínar bpróiseas Oiriúnachta chun Cleachtadh.

Beidh orainn leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí, ranna soláthair agus le ranna acmhainní daonna chun an gá atá le rialáil agus an luach a sholáthraíonn sé, ar deireadh, a chur in iúl.

Tá rudaí eile le críochnú go fóill le comhlachtaí eile a bhaineann le caighdeáin rialála agus le cáilíocht, ar nós an mhéid seo a leanas:

▶ **Iad siúd a rialáonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta**

▶ **Iad siúd a rialáonn táirgí sláinte**

▶ **Iad siúd a dhéanann creidiúnú i leith chaighdeáin ISO**

Mar shampla; an Chomhairle Fiaclóireachta, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann, Comhairle na nDochtúirí Leighis, an Coimisiún um Meabhair-Shláinte, an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann.

Beidh orainn leanúint le plé a dhéanamh agus lena fhiosrú conas is féidir lenár gcóras clárúcháin féin bheith mar eiseamláir d'iniúchtaí, cigireachtaí agus do cheadúnú i measc comhlachtaí eile. Ba cheart go mbeadh foireann ghairmiúil atá cláraithe agus cáilithe i gceart mar chuid d'aon mheicníocht dearbhaithe cáilíochta – caithfidh gur féidir linn bheith in ann seirbhís

oibriú go dlúth leis na rialálaithe eile chun na deiseanna a thapú chun bheith mar chuid den réiteach ar na saincheisteanna seo

'comhcheangailte' a sholáthar don phobal maidir leis na seirbhísí agus na gairmithe araon a oibreoidh sna seirbhísí siúd sa tréimhse níos faide amach anseo. Bealach amháin ina n-oibreoidh an Chomhairle go dlúth le rialálaithe eile agus bheith mar chuid den réiteach ar na saincheisteanna seo is ea go nglacann an POF san Fhóram Rialálaithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus sa Chumann Príomhfheidhmeannaigh Ghníomhaireachtaí Stáit páirt ghníomhach. Sa mhullach air sin, caithfear breithniú a dhéanamh ar dhíríú idirnáisiúnta, chomh maith, lena chinntiú go mbímid cothrom le dáta i gcónaí leis an dea-chleachtas rialála le haghaidh gairmeacha agus go gcuirimid leis. Baintear seo amach, mar shampla, trí bheith mar bhall den Chomhairle um Cheadúnú, Forfheidhmiú agus Rialáil (CLEAR), agus de Ghairmithe Cúram Sláinte Trasteorann (HPCB), comhlacht den AE.

Éileamh ar Rialáil

Lorg na gairmithe a liostaítear san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú); rialáil reachtúil ar feadh go leor blianta. Baineann ríthábhacht le rialáil chun an pobal a chosaint agus mar iarmhairt, ba cheart go bhfeabhsódh sé stádas agus seasamh gairmiúil na ngairmithe. Tá mórmhéid oibre le críochnú ag CORU, na cláir a oscailt, agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis seo, faoi mar a shonraítear faoin Act ina measc. Cuirfimid an clár seo chun cinn agus díreoidimid air de shíor.

Tá súim bhreise tugtha faoi deara againn cheana féin ó ghairmeacha eile ar spéis leo go ndéanfaidh CORU rialáil orthu agus tá súil againn leis an tsuim seo.

Mar gheall ar athruithe ar leibhéal an AE, beidh orainn cláraithe a bhailíochtú nuair a fhágann siad an tír chun fostaíocht a lorg in áiteanna eile laistigh den AE. Tugadh CGE (Cárta Gairmithe Eorpacha) isteach le haghaidh Fisiteiripeoirí agus is dóchúil go dtabharfar seo isteach i measc gairmeacha eile in am agus i dtráth. Beidh orainn déileáil go rathúil, chomh maith, leis an dúshlán a d'fhéadfadh "Brexit" a chur roimh ghairmithe Éireannacha ar mian leo oibriú sa Ríocht Aontaithe agus rompu siúd a thug faoi oiliúint sa Ríocht Aontaithe agus ar mian leo oibriú in Éirinn.

Athruithe ar Oideachas agus Oiliúint Sláinte agus Cúraim Shóisialta

Tá oideachas gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialta ag teacht chun cinn, ar cheann de na hathruithe ba thábhachtaí, bhí an t-aistriú ó na samhlacha oideachais agus oiliúna de stíl phrintíseachta agus a bhí bunaithe ar am go dtí díriú ar chláir atá bunaithe ar thorthaí agus inniúlacht.

chuir an teicneolaíocht deiseanna nua ar fáil do sholáthraithe oideachais, chomh maith leis sin

Tá forbairtí tite amach, chomh maith, i samhlacha soláthair agus measúnaithe cláir, anuas ar dhíospóireacht maidir le conas is fearr a fhorbraítear agus a mheasúnaítear croiscileanna coiteanna gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta, ar nós gairmiúlachta agus cumarsáide. Tá díospóireacht nach beag ag titim amach, ar a bharr sin uile, maidir le cad iad na caighdeáin tairsí le haghaidh cleachtas sábháilte i gcomhthéacs speisialú níos mó, ionchais athraitheacha agus riachtanais sláinte agus chúraim shóisialta úsáideoirí seirbhíse atá níos casta.

Chuir an teicneolaíocht deiseanna nua ar fáil do sholáthraithe oideachais, chomh maith leis sin, agus tá cláir ar líne agus cianfhoghlaim ar fáil níos forleithne anois. Cuirfidh seo dúshlán roimh an tsamhail thraidisiúnta ina ndéantar cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus a mhonatóiriú.

Caithfimid a chinntiú go dtagann ár meicníochtaí rialála chun cinn chun na hathruithe ar sholáthar oideachais a chur san áireamh agus a chinntiú i gcomhthráth go n-ailínítear torthaí cláir leis na caighdeáin tairsí a theastaíonn ó chosaint an phobail agus rialáil.

Eacnamaíocht

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) le bheith mar chomhlacht féinchistithe agus bhíothas ag súil leis i dtosach báire go n-íocfaí as gach costas oibriúcháin san fhadtéarma trí mhuirir a ghearradh. Áirítear leis seo na costais dlí a bhaineann le bonn reachtúil a bhronnadh ar chlárúchán na ngairmithe ainmnithe agus déileáil le gearáin, gortuithe agus disciplín maidir le gach clárúchán. Mar gheall ar leibhéal reatha na dtáillí, sprioc a bheidh i sprioc CORU chun féinchistiú a sholáthar dó féin nach mbeifear in ann a bhaint amach faoi láthair. I dturas an ama, is é cistiú ón Roinn Sláinte an t-aon fhoinsé eile ‘d’ioncam’ le haghaidh CORU. Is dóchúil go leagfar breis brú ar ár leithdháileadh buiséid sna blianta amach romhainn nuair a thabharfar an Conradh um Chobhsaíocht, Comhordú agus Rialachas (TSCG) isteach.

seirbhísí comhroinnte, TFC comhroinnte, nó coincheap fóraim chomhroinnte

Tá caidreamh maith oibre ann idir an Roinn Sláinte agus CORU agus tá siad ag tabhairt faoi fhorbairtí ar rialáil i gcur chuige comhpháirtíochta. D’éirigh go maith leis seo go dtí seo agus táimid ag tnúth le leanúint leis an gcomhobair seo.

Mar gheall ar riail ‘Duine amháin, Tuarastal amháin’ na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá dúshlán romhainn chun gairmithe a earcú agus a dhreasú atá ag oibriú san earnáil phoiblí chun cuid d’fhreagrachtaí CORU faoi Act 2005 a fhorghníomhú. Braithimid ar ghrúpa measúnóirí agus athbhreithneoirí chun cabhrú linn le réimse gníomhaíochtaí.


I measc na ngníomhaíochtaí seo, tá an méid seo a leanas:

- Faomhadh Cláir: a chinntiú go bhfuil céimithe incháilithe, i dteideal agus inniúil chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán reachtúil;
- Measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den stát chun incháilitheacht clárúcháin a dheimhniú ina measc siúd a lorgaíonn go ndéanfar cláraithe díobh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus
- Measúnú a dhéanamh ar Inniúlacht Ghairmiúil, i rith na hidirthréimhse clárúcháin do chleachtóirí reatha do gach gairm.

Sa chomhthéacs geilleagrach seo, tá coinne againn leis go mbeidh ár mbuiséad faoi shrian i gcónaí agus go mbeidh ‘costas’ na rialála ina ábhar iniúchta agus díospóireachta go fóill.

Táimid sásta i gcónaí chun éisteacht le agus chun plé a chruthú maidir le conas a d’fhéadfadh rialáil teacht chun cinn chun luach níos fearr a bhaint amach, e.g. seirbhísí comhroinnte, TFC comhroinnte, nó coincheap fóraim chomhroinnte Oiriúnachta chun Cleachtadh i measc rialálaithe gairmiúla sa limistéar Sláinte agus Cúraim Shóisialta. Is gá go mbíonn an tsamhail rialála lena nglacaimid agus na gníomhaíochtaí faoina dtugaimid inbhuanaithe sa timpeallacht geilleagrach seo.

Boird Chlárucháin de réir céime, amhail Nollaig 2016



Freagairt don Aire agus don Roinn Sláinte

Faoi lánrogha an Aire atá sé chun an t-ord a bhunú ina gceptar an Bord Clárucháin do ghairm. Caithfidh seo titim amach sular féidir clár a oscailt. Bíonn impleachtaí suntasacha pleanála agus soláthair acmhainní i gceist leis seo do CORU agus is gá dúinn a bheith in ann freagairt dá réir sin.

Cé go bhfuil freagracht laistigh de shainchúram na Comhairle faoi láthair as cúig ghairm ainmnithe dhéag a chlárú, féadfaidh an tAire gairmeacha eile a chur le sainchúram na Comhairle.

I dtosach, bhí coinne leis go gcomhchumseofaí trí chomhlacht reatha in CORU: Bord Náisiúnta na gCáilíochtaí Oibre Sóisialta (NSWQB);

Bord na Radharceolaithe, agus an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal (PHECC) chun cuid den eagraíocht nua a chruthú. Rinneadh an NSWQB agus Bord na Radharceolaithe a chorprú go rathúil. Beidh todhchaí an PHECC i ndáil le CORU faoi réir beartas rialtais.

Tugaimid faoi deara gur thug an tAire Sláinte agus a Roinn faoi chleachtadh comhairliúcháin phoiblí ar rialáil comhairleoirí agus síciteiripeoirí ag deireadh 2016. Freagróimid d'aon athruithe a chuirfear i bhfeidhm maidir leis na gairmeacha seo faoi mar a theastaíonn.

Athruithe Sochaíocha

Le 25 bliain anuas, tá athrú cultúrtha tugtha faoi deara in Éirinn sa bhealach a léiríonn sí muintín agus a chaitheann sí leo siúd a bhfuil údarás acu. Is dóchála anois a éileoidh daoine cuntasacht uathu siúd ar bhronn an tsochaí cumhacht orthu chun tabhairt faoi thascanna criticiúla ar mhaithe le cách. Sa chomhthéacs seo, féadtar súil a bheith leis go gcuirfear dúshlán níos mó roimh ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta maidir lena sláine agus lena ngníomhartha. Tá súil againn le treocht mhéadaitheach sa líon gearán a dhéantar.

I ndiaidh tús a chur le hOiriúnacht chun Cleachtadh, cuirfear le próifíl CORU sa phobal trí aon éisteachtaí poiblí a chuirfear ar bun a chumhdach. Méadóidh feasacht mhéadaitheach phoiblí an leibhéil iniúchta a dhéanfar ar oibríochtaí na Comhairle.

Tá coinne againn, chomh maith, leis go dtiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht cláir, agus ar chastacht na gníomhaíochta sin, i measc na gclár atá ar oscailt cheana féin. Mar gheall go bhfuil luaineacht mhéadaithe saothair ann, dúshlán a bheidh sna cláir a choimeád cothrom le dáta agus faisnéis chruinn a choimeád faoi chlárú. Tugann figiúirí treochta le fios go mbeidh inimirce sa tréimhse níos faide amach anseo ar aon dul le feidhmíocht gheilleagrach. Cé gurbh ionann na líonta d'iarraitais AE agus neamh-AE agus líonta sách beaga le roinnt blianta anuas, féadtar súil a bheith leis go rachaidh seo i méid de réir mar a théann an geilleagar ó neart go neart. De réir thaithí na nÚdaras Inniúil reatha, próiseas casta agus a ghlacann go leor ama atá i gceist le hiarratais den chineál seo a phróiseáil. Scrúdóimid bealaí chun an dúshlán seo a bhfuil coinne leis a shárú, tríd an teicneolaíocht a úsáid, ina measc siúd.

CORU

feasacht mhéadaithe

sábháilteacht othar
foghlaim ar feadh an tsaoil

caighdeán



oideachas
rialáil

cód cleachtais

próifíl phoiblí
clár

rialtas

Dul chun Cinn Teicneolaíochta

Tá tús áite a thabhairt ag rialtas na hÉireann i gcónaí do Ríomhsheirbhísí Rialtais mar chumasóir chun seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha a sholáthar don phobal.

Cuireann an úsáid mhéadaithe a bhaintear as an teicneolaíocht, gutháin chliste agus na meáin shóisialta, go háirithe, deis ar fáil do CORU, de réir mar a dhéantar gnáthchleachtas d'idirbhearta a phróiseáil ar líne, íocaíochtaí a dhéanamh ar líne agus sonraí agus cáipéisíocht a roinnt ar líne. Baineann ríthábhacht le cumas ár gcláraithe agus ár n-iarratasóirí chun rochtain a fháil ar ár seirbhísí ar líne maidir lenár samhail ghnó agus ár n-inmharthanacht airgeadais amach anseo.

Sa mhullach air sin, tá trasnaisc á gcruthú ag an teicneolaíocht i measc gairmeacha agus tá an bealach a sholáthraítear seirbhísí don phobal á athrú aici. Caithfidh caighdeán CORU na cleachtais agus na treochtaí fíor-shaoil seo a léiriú.

Braithfidh tabhairt isteach phleanáilte Aitheantóirí Uathúla Sláinte do chleachtóirí ar uimhir chláraí CORU. Pleanáladh seo le HIQA, a bhí faoi stiúir an tionscadail seo ó

bunaíodh CORU. Féadfaimid súil a bheith le breis idirchaidrimh leis an Roinn Sláinte maidir le conas a bhainfear seo amach, cé nach fios go fóill an t-amlíne chruinn ina dtabharfar seo isteach.

Cruthaíonn úsáid thorthúil a bhaint as na meáin shóisialta idir dheis agus riosca dúinn. Tá deis againn chun idirghníomhú lenár gcláraithe, iarratasóirí agus úsáideoirí seirbhíse ar bhealaí nua ach is éard a bhíonn mar thoradh air ná go mbíonn súil le freagairt nach mór láithreach ar iarratais agus ar chumarsáid. Teastóidh an cumas, na próisis agus na beartais uainn chun freagairt go cuí. Tá impleachtaí i gceist, chomh maith, le haghaidh cleachtas gairmiúil agus an pháirt a ghlacann ár gcláraithe sna meáin shóisialta chun seirbhísí a sholáthar. Mar rialálaí, beidh orainn coimeád chun tosaigh ar na hathruithe seo lena chinntiú go gcoimeádtar caighdeán.

I ndiaidh súil a chaitheamh ar na treochtaí sa timpeallacht dhomhanda agus intíre araon, tugaimid ár n-aird anois ar ár bhfreagairt phleanáilte straitéiseach (inmheánach agus seachtrach) i gcaitheamh na chéad chúig bliana eile amach romhainn.

6. Príomhdhúshláin agus ár bhFreagairt



Cuspóir 1 Tabhairt faoinár gceanglais reatha reachtaíochta



San Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht), tugtar faoi rialálaí ilghairme a bhunú in Éirinn. Leagtar san Acht freagracht an-soiléir ar CORU maidir lena ról neamhspleách agus leis an mbaint a bhíonn aige i ngairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialta a fhorbairt ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

Thug CORU faoi obair fhairsing chun córas rialála a bhunú, ina bhfuil gnéithe ar nós caighdeáin inniúlachta, cláir ghairmiúla, cláir oideachais a fhaomhadh agus a mhonatóiriú, oiriúnacht chun cleachtadh agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

Is é an dúshlán foriomlán a bheidh roimh CORU i rith na tréimhse 2017-2021 díreach chun tabhairt faoinár gceanglais reatha reachtaíochta agus le díriú agus le tiomáint gan staonadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

Ní foláir dúinn leanúint le cur leis an obair atá déanta againn go dtí sin agus an obair sin a thabhairt chun cinn, d'fhonn gur féidir ár gclár a mhéadú aníos ó naoi gclár go dtí cúig chlár déag chun gach ceann de na gairmeacha atá faoinár sainchúram faoi láthair a chumhdach. Anuas air sin, tá orainn aibíocht na ngairmeacha éagsúla a chur san áireamh agus a chinntiú go léiríonn ár samhail rialála meas air sin.

1.1 Is é ar a dtugaimid an príomhthús áite ná soláthar ár gceanglas reatha reachtaíochta a thabhairt chun críche. Leanfaimid le Boird Chlárúcháin a bhunú agus cláir ghairmiúla a oscailt ar aon dul leis an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 agus le hamlínte an Aire Sláinte. Seo a leanas na cláir atá le hoscailt i rith na tréimhse 2017-2021:

- Oibríthe Cúraim Shóisialta
- Eolaithe Míochaine
- Síceolaithe
- Coslianna
- Ortoptaigh
- Bithphoítigéirí Cliniciúla

Anuas ar chláir a bhunú agus a oscailt dóibh seo agus aon ghairmeacha breise atá le cuimsiú faoin Acht, déanfaimid an méid a leanas, chomh maith:

1.2 Caighdeán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá le hiontráil sa chlár

1.3 Tús a chur le cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus a mhonatóiriú

1.4 Bealach aitheantais a sholáthar do na cláir seo le haghaidh céimithe ar bronnadh cáilíochtaí orthu lasmuigh den stát

1.5 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach éigeantach a chur i bhfeidhm

1.6 Gearáin a ghlacadh agus a bhainistiú (gníomhaíochtaí um Oiriúnacht chun Cleachtadh san áireamh)

1.7 Chomh maith leis sin, leanfaimid lenár seirbhísí a sholáthar do ghairmeacha a bhfuil clár reatha acu:

- Diaitéitigh
- Radharceolaithe Dáiliúcháin
- Teiripeoirí Saothair
- Optaiméadraithe
- Fisiteiripeoirí
- Radagrafaithe
- Teiripeoirí Radaíochta
- Oibríthe Sóisialta
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Cuspóir 2 Tabhairt faoinár spriocthorthaí rialála trí Shamhail Rialála inbhuanaithe



De réir mar a dhéanaimid ár ngníomhaíochtaí a scálú, caithfimid amhlaidh a dhéanamh trí shamhail inbhuanaithe rialála a thógáil.

Baineann dhá ghné ar leith le hinbhuanaitheacht dúinn.

Ar an gcéad dul síos, tá gné gheilleagrach. Sa chás go bhfuil cistiú agus líonta foirne teoranta, is gá dúinn bheith meáite i gcónaí chun bealach éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint amach chun dul i ngleic le rioscaí i leith sábháilteacht úsáideoirí seirbhíse. Áireofar leis seo, mar shampla, an teicneolaíocht a ghíaráil chun ár ngníomhaíochtaí a uathobriú agus chun barr feabhais a chur ar chumas cláraithe chun rochtain a fháil ar ár seirbhísí ar líne.

Anuas air sin, luaigh an Roinn Sláinte, in 2012, go bhfuil sé beartaithe aici athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht, chun ligean do CORU oibriú i dtreo samhail rialála a dhéanfaidh “na boird aonair chlárúcháin a réasúnú ina dtrí Bhord Clárúcháin idirdhisciplíneacha in am agus i dtráth, a chuimsíonn go hachomair Diagnóis, Teiripe agus Cúram Sóisialta (ar a dtabharfar Síceashóisialta) chun modh oibriúcháin atá níos éifeachtúla agus nach bhfuil chomh maorlathach céanna a sholáthar”. I rith thréimhse an ráitis straitéise seo, beartaíonn CORU pleanáil agus obair a bheith déanta i dtreo an tsamhail seo rialála a sholáthar, i gcomhar leis an Roinn Sláinte, faoi réir leasuithe reachtaíochta.

Is é an dara gné d’inbhuanaitheacht freagrúlacht – conas a chinntimid go bhfreagraíonn ár ngníomhaíochtaí, córais agus próisis d’fhorbairtí nua chun freastal ar an gcuspóir ar ar bunaíodh CORU – chun an pobal a chosaint. Cruthaíonn taighde agus anailís idirnáisiúnta ar ár sonraí féin léargais nua dúinn gach lá maidir leis na háiteanna a bhféadfadh bheith ina mbaol don phobal agus conas a d’fhéadfaimis maolú a dhéanamh ina leith. Is gá dúinn freagairt do na léargais seo chun ár n-iarrachtaí agus ár n-acmhainní a shuíomh go leanúnach d’fhonn go mbeidh siad in ann an chosaint is fearr a sholáthar don phobal.

Déanfaimid an méid a leanas:

- 2.1 Uathobriú a dhéanamh sa chás gur féidir ar mhaithe le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht
- 2.2 Leanúint le súil a chaitheamh ar gach rogha foinsithe (inmheánach, comhroinnte, seachtrach) chun freastal ar éilimh sheirbhíse agus sholáthair
- 2.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúir rialachais agus chinnteoireachta
- 2.4 Leanúint le cultúr feabhais leanúnaigh a chur chun cinn laistigh de CORU
- 2.5 Oibriú go dlúth leis an Roinn Sláinte chun ullmhú don chéad chéim eile forbartha chun gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a rialáil in Éirinn
- 2.6 Freagairt do thaighde, sonraí agus anailís riosca agus aiseolas (inmheánach agus seachtrach do CORU) chun ailíniú leanúnach a dhéanamh ar ár n-iarrachtaí agus ár n-acmhainní le cosaint an phobail

Cuspóir 3

Soiléireacht níos mó a sholáthar inár gcumarsáid



Is iomaí páirtí leasmhar atá ag CORU, úsáideoirí seirbhíse, an pobal, cláraithe reatha agus amach anseo, soláthraithe oideachais, grúpaí abhcóideachta othar, comhlachtaí gairmiúla, aontais agus fostóirí ina measc.

Imríonn CORU tionchar éagsúil orthu agus is gá dúinn comhpháirtíocht a dhéanamh leo ar bhealaí éagsúla.

Imreoidh rannpháirtíocht réamhghníomhach le páirtithe leasmhara agus oibriú go leanúnach chun cumarsáid leo a fheabhsú tionchar díreach ar shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse agus tabhairt faoinár sainchúram.

Déanfaimid an méid a leanas:

- 3.1 Tabhairt faoi imeachtaí rannpháirtíochta agus éisteachta le páirtithe leasmhara
- 3.2 Cumarsáid réamhghníomhach d'fhonn go mbíonn othair agus úsáideoirí seirbhíse feasach ar an tábhacht a bhaineann le rialáil agus conas dul i ngleic le fadhbanna go cuí
- 3.3 Cumarsáid éifeachtach inmheánach agus sheachtrach a chinntiú (cumarsáid dhigiteach agus na meáin sóisialta san áireamh)
- 3.4 Idirchaidreamh breise a dhéanamh le cláraithe, soláthraithe oideachais, aontais agus fostóirí chun an tuiscint atá ar na tairbhí a bhaineann le rialáil, obair agus ról CORU agus an méid a gceanglaítear orthu a mhéadú
- 3.5 Gearánaithe a dhíriú go héifeachtach chuig an údarás cuí, cé acu más CORU, soláthraí seirbhíse, nó gníomhaireacht eile a bhíonn i gceist, de réir mar is cuí
- 3.6 Leanúint le hidirchaidreamh agus roinnt a dhéanamh le rialálaithe eile.

Cuspóir 4 Ár ndírú a choimeád ar chleachtais dea-rialachais



Tugann CORU tús áite i gcónaí do chleachtais mhaithe rialachais chorparáidigh.

“Is éard atá i gceist le rialachas corparáideach ná na córais agus na nósanna imeachta trína ndéantar fiontair a stiúradh agus a bhainistiú. Ní mór go bhfreastalóidh comhlachtaí stáit ar leasanna an cháinócóra, tabhairt faoi luach ar airgead a bhaint amach ina gcuid iarrachtaí (bainistiú cuí a dhéanamh ar riosca san áireamh) agus gníomhú go trédhearcach mar aonáin phoiblí. Ba cheart go nglacfaidh an Bord agus an bhainistíocht le cuntasacht as bainistíocht chuí na heagraíochta”. Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016.

Déanfaimid an méid a leanas:

- 4.1 Miontuairiscí na Comhairle a fhoilsiú
- 4.2 Anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí reachtaíochta agus na moltaí siúd a dhéanamh a bhaineann lenár samhail rialachais amach anseo
- 4.3 Bainistíocht leanúnach riosca a chinntiú
- 4.4 Ionracas agus inbhuanaitheacht leanúnach airgeadais a chinntiú
- 4.5 Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh in oiliúint na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus chomhaltaí an Choiste chun scileanna a fhorbairt
- 4.6 Leanúint leis an bhféinmheasúnú agus an fhéinmheastóireacht bhliantúil a chur i bhfeidhm don Chomhairle agus gníomhú i leith na moltaí
- 4.7 Leanúint leis an bhféinmheasúnú agus an fhéinmheastóireacht bhliantúil a chur i bhfeidhm do Bhoird Chlárúcháin agus gníomhú i leith na moltaí
- 4.8 Líon, minicíocht agus cláir chruinnithe rialachais a optamú, fiosrú a dhéanamh ar roghanna breise le haghaidh toscaireachta ina measc
- 4.9 Dearcadh a fhorbairt maidir le, freagairt do, agus ullmhú do, aon athchóiriú a bheartaítear ar an timpeallacht rialála in Éirinn.

Cuspóir 5

Ár linn tallainne agus ár n-eolas a mhealladh, a choimeád agus a mhéadú



Tá samhail fhairsing um sholáthar acmhainní ag CORU. Tá sa tsamhail idir fhostaithe lánaimseartha agus fhostaithe páirtaimseartha CORU (47.5), an Chomhairle, Boird Chlárúcháin, comhaltaí fiosrúcháin an Choiste agus Oiriúnachta chun Cleachtadh, agus athbhreithneoirí, measúnóirí agus comhpháirtithe eile (>200).

Tugtar tús áite i gcónaí dár ndaoine. Baineann ríthábhacht le scileanna ár n-acmhainní a mhealladh, a choimeád agus a mhéadú maidir le tabhairt faoinár straitéis, agus baineann a chomhionann de ríthábhacht le huainiú na fála a bhíonn ar acmhainní.

I measc na ndúshlán ar leith a mbeidh orainn dul i ngleic leo, tá an méid seo a leanas:

- Tá obair rialála teicniúil agus teastaíonn eolas agus scileanna sonracha chun é a dhéanamh
- Baineann ríthábhacht le grúpaí solúbtha measúnóirí agus athbhreithneoirí a fhorbairt maidir leis an luas ar ar féidir linn seirbhísí a sholáthar agus cinntí a dhéanamh do chlárúitheoirí agus d'iaratasóirí
- Bunchloch ríthábhachtach maidir le huainiú oscailt clár agus le luas an chumais chun cinnteoireacht a dhéanamh is ea Boird Chlárúcháin agus comhaltaí Coiste a cheapadh, anuas ar a n-ionduchtúchán, a n-oiliúint agus a n-aistriú eolais
- Ar chuma gach eagraíochta, táimid ag dul san iomaíocht le haghaidh tallainne agus tá feabhas ag teacht ar an margadh post trína chéile agus tá coinne leis go mbeidh gluaiseacht níos mó ann idir fostóirí

Déanfaimid an méid a leanas:

- 5.1 Áit oibre atá sábháilte agus ina léirítear meas a sholáthar don fhoireann, áit a mbeidh ar a gcumas acu chun tabhairt faoina gcuspóirí agus cur le forbairt na heagraíochta
- 5.2 Athbhreithniú agus athmheas a dhéanamh, de réir mar a theastaíonn, ar inniúlacht agus meascán scileanna na foirne, na gcomhpháirtithe gnó agus na gcomhaltaí lena chinntiú go ndírímid go hiomlán ar an am i láthair agus ar na dúshlán atá ag teacht chun cinn atá roimh rialáil Gairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialta in Éirinn
- 5.3 Leanúint le soiléireacht i dtaobh cuspóirí a sholáthar dár bhfoireann a theastaíonn uathu chun a bpoist a dhéanamh go héifeachtach

-
- 5.4 An oiliúint atá ar fáil don fhoireann, an Chomhairle, an Coiste agus comhaltaí an Bhoird Chlárúcháin, na measúnóirí agus na hathbhreithneoirí a bharrfheabhsú
 - 5.5 A chinntiú go bhfuil tairiscint shoiléir fostaithe/luachanna acmhainní CORU againn chun an fhoireann a mhealladh agus a choimeád (foireann lánaimseartha agus eile) a leagann an bhéim ar shocruithe solúbtha oibre, oiliúint agus deiseanna forbartha agus branda láidir fostóra
 - 5.6 Cleachtais fhoirmiúla a dhéanamh dár gcleachtais reatha bhainistíochta eolais agus cur leo
 - 5.7 Leanúint le bealaí cruthaitheacha agus nuálacha a lorg chun na scileanna, an t-eolas agus an cumas a theastaíonn uainn a aimsiú i gcomhthéacs ár samhla inbhuanaithe le haghaidh rialála
 - 5.8 Leanúint le timpeallacht fholláin agus ghlas oibre a chur chun cinn
 - 5.9 Athbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúr eagraíochta lena chinntiú go bhfuil ar a chumas chun seirbhís ghairmiúil a sholáthar dóibh siúd lena mbíonn idirchaidreamh againn

7. Rath a Thomhas

Forbraíodh plean um chur i bhfeidhm chun na cuspóirí straitéiseacha a dtugtar cuntas orthu sa cháipéis seo a sholáthar. Beidh an plean um chur i bhfeidhm mar chuid dár bplean gnó bhliantúil i gcaitheamh na chéad chúig bliana amach romhainn a fhaomhfaidh an Chomhairle, agus a ndéanfaidh sí monatóireacht rialta air ina dhiaidh sin.

Aguisín A

Chuir anailís fairsing ar an timpeallacht reatha oibriúcháin agus na tosca inmheánacha agus seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ról agus sainchúram na Comhairle i gcaitheamh théarma na straitéise (2017-2021) eolas ar fáil do phróiseas forbartha straitéise CORU.

Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin i rith Mheitheamh agus Iúil 2016 lena chinntiú go raibh páirt lárnach ag tuairimí an phobail, cláraithe agus ár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta chun eolas a sholáthar d'fhorbairt ár straitéise.

Bhí dhá phríomhchuid i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin:

1. Suirbhé ar líne a bhí ar fáil do gach duine trínár láithreán gréasáin, www.CORU.ie. Anuas air sin, sheolamar ríomhphoist go díreach chuig breis agus 20,000 duine agus eagraíocht a chuir ar an eolas iad go raibh ár straitéis á forbairt againn agus a thug cuireadh dóibh chun freagairt dár suirbhé ar líne.
2. Sa mhullach air sin, thugamar faoi shraith ceardlanna inmheánacha agus seachtracha agus grúpaí fócais.

Bailíodh tuairimí breis agus 125 duine agus eagraíocht tríd an suirbhé ar líne agus bhí baint ag breis agus 100 duine sna ceardlanna agus na grúpaí fócais leantacha.

I measc na ndaoine aonair agus na n-eagraíochtaí ar tugadh cuireadh dóibh chun páirt a ghlacadh tríd an suirbhé ar líne nó tríd an ngrúpa fócais, bhí iad seo a leanas:

- An pobal
- Gach cláraí (amhail an 01 Meitheamh, 2016)
- Grúpaí Abhcóideachta Othar
- An Roinn Sláinte
- Ranna Rialtais eile
- Comhlachtaí Gairmiúla
- Aontais
- Fostóirí
- Soláthraithe Oideachais
- Rialálaithe Eile
- Gníomhaireachtaí Saoránach agus Tomhaltóirí
- An Fhoireann go léir
- Comhaltaí na Comhairle agus an Bhoird Chlárúcháin
- Measúnóirí agus Athbhreithneoirí CORU



R-PHOST: info@coru.ie

www.coru.ie